# FORBAIRT BÓTHAIR N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA

## NUACHTLITIR - UIMH. 13

Deireadh Fómhair 2023

## FÁILTE GO NUACHTLITIR UIMH. 13.

**Ba é ár nuachtlitir is déanaí ná uimh. 12 a foilsíodh ar an 13 Iúil 2023 agus ó shin i leith tá dul chun cinn suntasach déanta leis na hoibreacha.**
**Seo a leanas cuid de na príomh nithe atá curtha chun cinn:**

- Tá na sraitheanna deiridh le barr dubh, an cúrsa ceangail, agus an cúrsa caithimh, críochnaithe anois ar an ailíniú nua bóthair ó Charraig an Phúca go dtí an chuid dheireanach den bhóthar ag an Sliabh Riabhach
- Osclaíodh an chuid láir den bhóthar do thrácht ag Tonn Láin ar an 11 Lúnasa faoi rialú comharthaí tráchta ag acomhal Thonn Láin. Laghdaítear an trácht atá ag teacht isteach ar an mbóthar nua ó dhá lána go ceann amháin, agus tá sé seo faoi réir teorainneacha luais. Leanann an socrú seo ar aghaidh ag oibriú go maith gan aon timpistí, teagmhais nó moilleanna fada. Tá an t-aiseolas a fuarthas ó áitritheoirí Bhaile Mhic Íre an-dearfach agus tá tuairiscí ar an turas ó Mhaigh Chromtha indéanta anois laistigh de 8 nóiméad.
- Tá fálú buan ar an ailíniú bóthair nua ó réadmhaoine in aice láimhe á dhéanamh ag GSN Fencing agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh air seo.
- Tá an cainéal draenála coincréite ar an dá thaobh den ailíniú príomhlíne suiteáilte anois.
- Tá an Córas Srianta Feithicle (bacainn tuairteála) suiteáilte ag an gconraitheoir speisialaithe Motorway Care, a chuimsíonn bacainní imeallacha ar gach taobh den ailíniú nua agus bacainn airmheánach lárnach a scarann trácht atá ag taisteal i dtreonna difriúla.
- Tá líneáil an bhóthair ar dhromchla nua an bhóthair agus suiteáil stodaí bóthair críochnaithe anois, agus iad seo ar chuid de na tascanna deiridh a bheidh le déanamh sular féidir an bóthar a oscailt don trácht.
- Snagáladh agus críochnaíodh na struchtúir fan an bhealaigh ag an bpointe seo.
- Déantar draenáil uisce dromchla ón mbóthar nua go léir a dhoirteadh chuig linnte tanúcháin ionas gur féidir aon éillithe ar nós ola nó siolta a ghabháil agus a chosc ó dhul isteach i sruthchúrsaí. Tá na locháin seo á gcur i gcrích anois.
- Tá an ceann deireanach den ghréasán draenála píopaithe suiteáilte anois agus tá sé á thástáil maidir le comhlíonadh.
- Tá duchtanna seirbhíse curtha isteach fan an phríomhailínithe agus tá siad á dtástáil agus á ndeisiú anois de réir mar is gá.



Leagan amach sealadach ag an gceann thiar



Acomhal Baile Bhuirne



Cóta barr iomlán

- Tá bunanna comharthaí droichid curtha isteach agus áireamhóirí tráchta curtha ar fáil chomh maith.
- Tá Ardáin Fhaire don Gharda Síochána curtha ar fáil chomh maith.
- D'eagraigh Club Lúthchleas Mhúscraí Thiar rith agus siúlóid 5km a raibh an-rath orthu, le cúnamh ó chlub CLG Naomh Abán, ar an Satharn 21 Deireadh Fómhair. Thosaigh an cúrsa i gCillín na bhFiann agus shín sé chomh fada leis an droichead ardleibhéil ag An Sliabh Riabhach , ag tabhairt léargas speisialta ar an tírdhreach trína dtéann an N22 nua chomh fada leis an teorainn le Contae Chiarraí. Bhí slua maith i láthair don ócáid agus bhí an aimsir ar fheabhas agus d'éirigh go hiontach leis an imeacht. Ba é Michael Herlihy ó Chumann Lúthchleas Thuaisceart Chorcaí a bhuaigh rás na bhfear agus ba í Rachel Hawker ó Chumann Lúthchleas an Neidín buaiteoir rás na mban.



Ag breathnú soir ó Shliabh Riabhach



Na Cillíní

**Ag féachaint chun cinn agus ar an méid a chuirfear i gcrích sa chuid eile de mhí Deireadh Fómhair agus i mí na Samhna:**

- Críochnú na n-oibreacha ag Ceangal-isteach Thiar an tionscadail, oibreacha atá ag dul chun cinn go maith ag an bpointe seo.
- Críochnú an phróisis Iniúchta um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Oscailt an phíosa deireanach den bhóthar nua don trácht Dé Luain 6 Samhain .
- Tús a chur leis an séasúr deiridh de thírdhreachú ar an tionscadal le Cameron Kiernan Landscaping.
- Críochnú na n-oibreacha atá fós le déanamh ar na taobh-bhóithre.

Mar fhocal scoir, toisc gurb í seo ár nuachtlitir tionscadail deiridh, ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le húinéirí talún agus réadmhaoine agus cónaitheoirí sa cheantar inar deineadh na hoibreacha seo ar fad, agus leis na tiománaithe a úsáideann na bóithre, as a bhfoighne agus a dtuiscint ar na hoibreacha seo. Níl sa mhí-chaoithiúlacht ach seal agus beidh na buntáistí buan.

**Go raibh mile maith agaibh go léir.**



Oileáin tráchta Thonn Lán ag féachaint siar

## CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN:

**R-PHOST**
INFO@N22BBM.IE

**TEILEAFÓN**
087 458 1555
FREAGRÓFAR LE LINN GNÁTH UAIREANTA OIFIGE, NÓ FÁG TEACHTAIREACHT

**SUÍOMH**
WWW.N22BBM.IE

**SEOLADH**
Oifigí Láithreáin N22 BBM,
Bóthar Shráid an Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 VX03